Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an euro digiteach

(tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 75/04)

Rapóirtéir: **Juraj SIPKO**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	20.01.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus Comhtháthú Eacnamaíoch agus Sóisialta
Dáta a glactha sa rannóg	06.10.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	26.10.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	573
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	183/1/1

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Mar thoradh ar dhul chun cinn na nuálaíochta teicneolaíche san earnáil airgeadais, tá airgeadraí digiteacha á bhforbairt de réir a chéile ag na bainc cheannais ar fud an domhain. Dála bainc cheannais eile ar fud an domhain, ghlac an Banc Ceannais Eorpach (BCE-Eurochóras) cinneadh i mí Iúil 2021 chun "céim imscrúdaithe" a sheoladh sula bhféadfaí euro digiteach a thabhairt isteach. Is geal le CESE go bhfuil BCE fós ag obair dó chun euro digiteach a thabhairt isteach. Faoi láthair, tá cur chuige céim ar chéim á ghlacadh ag BCE-Eurochóras chun euro digiteach a ghlacadh agus táthar ag cloí le hamlíne shocraithe chuige sin. Bíodh sin mar atá, ní dhearnadh aon chinneadh go fóill maidir le euro digiteach a ghlacadh.

1.2. Measann CESE go bhfuil an-tábhacht ag baint le cuimsitheacht airgeadais agus le cuimsitheacht dhigiteach agus an euro digiteach á thabhairt isteach. Dá bhrí sin, tá sé ag súil leis go rachaidh an euro digiteach chun tairbhe don uile dhuine sa limistéar euro. Leis an euro digiteach, ba cheart a bheith in ann idirbhearta íocaíochta a dhéanamh ar bhonn níos tapúla agus níos éifeachtúla.

1.3. Tá CESE á thabhairt dá aire gur cineál nua airgid a bheidh sa euro digiteach. I ndáil leis an méid sin, cé nach mór gach ceann de na gnéithe dearfacha agus na deiseanna lena mbaineann a chur san áireamh agus glacadh an euro dhigitigh á mheas, ní mór na rioscaí uile a d'fhéadfadh a bheith ann a chur in iúl freisin, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an earnáil airgeadais. Dá bhrí sin, ní mór faireachán, maoirseacht agus bainistiú na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist a chur san áireamh agus an euro digiteach á dhearadh.

1.4. Dar le CESE, tá an chobhsaíocht airgeadais ar cheann de na príomh-shaincheisteanna a bhaineann le euro digiteach a thabhairt isteach. Ar an ábhar sin, beidh sé tábhachtach amach anseo go ndéanfaidh BCE gach beart is gá i réimse na maoirseachta chun idirbhearta neamhdhleathacha a chomhrac, go háirithe chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta (AML/CFT), agus chun cibear-ionsaithe a chomhrac.

1.5. Agus ullmhúcháin á ndéanamh le haghaidh thabhairt isteach féideartha an euro dhigitigh, feictear do CESE go bhféadfaí an córas íocaíochta a chur sa riocht go mbeadh sé níos éifeachtúla agus níos iomaíche. Ach euro digiteach a bheith ann, d'fhéadfaí rioscaí a laghdú agus cobhsaíocht airgeadais a chur chun cinn san am céanna.

1.6. Tacaíonn CESE leis na bearta atá déanta ag BCE-Eurochóras chun euro digiteach a thabhairt isteach. Ós tionscadal an-chasta é seo a bhfuil tionchar mór ag forbairt dhinimiciúil reatha na dteicneolaíochtaí nuálacha air freisin, is den tábhacht go leagfadh BCE amach roghanna dearaidh éagsúla. Dá réir sin, beidh sé tábhachtach idirbhearta ar líne agus as líne araon a éascú. Ar a mhuin sin, i gcás idirbhearta íocaíochta trasteorann, ní mór na córais a bheith comhoiriúnach dá chéile.

1.7. Tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ag CESE ar obair BCE maidir le euro digiteach a ghlacadh agus leanfaidh sé d'amhlaidh a dhéanamh. Beidh sé tábhachtach, dá bhrí sin, de réir mar a théann an próiseas cinnteoireachta ar leibhéal BCE-Eurochóras ar aghaidh, go ndéanfaí gach beart substainteach agus sistéamach chun an tsamhail is iomchuí a roghnú lena n-áiritheofaí cuimsitheacht airgeadais, cobhsaíocht airgeadais agus príobháideachas. Tá roghanna dearaidh éagsúla á bhfiosrú agus á n-athbhreithniú ag BCE i láthair na huaire.

1.8. Ós tionscadal casta fíordhúshlánach a bhfuil baint aige le gach cónaitheoir i mBallstáit an Aontais Eorpaigh é seo, tá sé á chur i bhfáth ag CESE nach mór an tsochaí shibhialta a thabhairt isteach sna chéad chéimeanna eile den ullmhúchán, den chaibidlíocht agus den phlé ar thabhairt isteach an euro dhigitigh.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. De thoradh éabhlóid leanúnach na teicneolaíochta, tá digiteáil thapa le feiceáil i ngach earnáil den gheilleagar, lena n-áirítear sa struchtúr sóisialta uileghabhálach. Tá forbairt thapa agus tionchar na nuálaíochta teicneolaíche le tabhairt faoi deara san earnáil airgeadais agus in institiúidí a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta freisin. Tá próiseas mear na digiteála ag leanúint ar aghaidh freisin san earnáil phoiblí.

2.2. San am i láthair, tá plé ar bun i mbainc cheannais ar fud an domhain faoi airgeadra digiteach bainc ceannais (CBDC) a thabhairt isteach agus cinntí á nglacadh acu ina leith. Mar a sheasann cúrsaí anois, tá airgeadra digiteach glactha ag bainc cheannais na mBahámaí agus na Nigéire mar dhlíthairiscint. Ina theannta sin, tá breis agus 110 dtír ar fud an domhain ag féachaint an bhféadfaí airgeadra digiteach a thabhairt isteach.

2.3. D'éirigh le Daon-Phoblacht na Síne ([1]) tionscadal airgeadra digiteach a sheoladh, cé nach bhfuil sé idirnasctha le bainc cheannais eile ar fud an domhain go fóill. Is í an chéad stát G20 tionscadal den saghas sin a sheoladh. I mí Eanáir 2022, d'fhoilsigh Córas Cúlchiste Feidearálach na Stát Aontaithe staidéar ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le dollar digiteach a thabhairt isteach.

2.4. Tá thart ar 90 % de na bainc cheannais, atá freagrach as 95 % de OTI an domhain, ag déanamh a machnaimh faoi láthair faoi airgeadra digiteach a ghlacadh ([2]). Tá thart ar leath de bhainc cheannais an domhain i mbun airgeadra digiteach bainc ceannais (CBDCanna) a fhorbairt nó i mbun trialacha sonracha chun iad a thabhairt isteach. Thairis sin, tá sé beartaithe ag dhá thrian de na bainc cheannais CBDC a thabhairt isteach le haghaidh idirbhearta miondíola sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma.

2.5. Tá comhaontú ginearálta ann gur féidir a bheith ag súil le costais níos ísle agus le hidirbhearta íocaíochta níos éifeachtúla, níos tapúla agus níos sláine nuair a thabharfaidh bainc cheannais airgeadraí digiteacha isteach.

2.6. Tá baint ag glacadh na mbanc ceannais le hairgeadraí digiteacha leis na forbairtí dinimiciúla atá ag tarlú sa mhargadh criptea-airgeadra. Ina theannta sin, le teacht chun cinn agus leathadh tapa COVID-19, cuireadh dlús breise leis an bpróiseas digiteála sin.

2.7. Agus cinntí á ndéanamh maidir le CBDCanna a thabhairt isteach, beidh sé tábhachtach tionchar an aistrithe sin ar chobhsaíocht mhacra-airgeadais a chur san áireamh. Maidir le tíortha a chinn airgeadraí digiteacha a ghlacadh agus a chur chun feidhme, meastar go mbeidh tairbhí suntasacha ag baint leo dóibh, ní hamháin ó thaobh luais, éifeachtúlachta agus líon na n-oibríochtaí de, ach ó thaobh fheidhmiú gan bhriseadh an chórais íocaíochta agus socraíochta de chomh maith.

2.8. Agus euro dhigitigh á thabhairt isteach ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE), is é an aidhm ba cheart a bheith ann ná ról an airgid phoiblí mar bhonn taca faoin gcóras íocaíochtaí a chaomhnú agus rannchuidiú freisin le neamhspleáchas straitéiseach agus éifeachtúlacht eacnamaíoch na hEorpa. Ina theannta sin, ba cheart dó rannchuidiú le margadh íocaíochtaí miondíola Eorpacha atá níos cothroime, níos éagsúla agus níos athléimní, agus ardleibhéal príobháideachais agus slándála á áirithiú san am céanna. Go deimhin, tá an Eurochóras tiomanta d'ardchaighdeáin phríobháideachais a ráthú. É sin ráite, bheadh gá le leibhéil phríobháideachais níos airde ná na réitigh íocaíochta atá ann faoi láthair a chomhtháthú sa chreat rialála.

([1]) Sheol an tSín tionscadal an yuan dhigitigh in 2014 agus baineadh úsáid as an airgeadra le linn Chluichí Oilimpeacha an Gheimhridh in 2022. Go nuige seo, is ar chríoch na Síne amháin a úsáideadh an yuan digiteach.

([2]) Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach: https://news.bitcoin.com/105-countries-are-exploring-central-bank-digital-currencies-cbdc-tracker-shows/.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. Tá CESE á chur in iúl gur cheart do BCE díriú ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a laghdú agus deireadh a chur leo agus é ag féachaint le euro digiteach a thabhairt isteach. A mhéid a bhaineann leis an euro digiteach féin, tá roinnt samhlacha á bplé, lena n-áirítear samhlacha atá bunaithe ar bhailíochtú tríú páirtí agus ar bhailíochtú idir piaraí agus atá in ann feidhmiú ar líne nó as líne ([3]).

3.2. Tá CESE ag súil leis go n-áireofaí i straitéis BCE maidir le euro digiteach a ghlacadh scrúdú ar gach cineál riosca atá ann agus go ndíreofaí ar bhearta a dhéanamh chun deireadh a chur leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann.

3.3. Tá CESE á chur i bhfios go láidir gur cheart go ndíreofaí i bpleananna BCE maidir le euro digiteach a thabhairt isteach ar chobhsaíocht airgeadais a choinneáil agus ar aistriú rianúil airgeadaíochta a áirithiú. Ar an ábhar sin, beidh sé tábhachtach tuilleadh mionanailíse a dhéanamh ar ghnéithe dearaidh éagsúla an euro dhigitigh, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an tionchar a bheidh aige amach anseo ar chobhsaíocht mhacra-airgeadais.

3.4. Tá CESE ag dréim leis go mbeidh gá rioscaí eile a d'fhéadfadh a bheith ag baint le próiseas na forbartha teicneolaíochta a chur san áireamh freisin. Ina fhianaise sin, beidh dhá dhúshlán le sárú le straitéis BCE maidir leis an euro digiteach, eadhon cobhsaíocht airgeadais agus aistriú rianúil beartais airgeadaíochta a áirithiú, ar thaobh amháin, agus próiseas dinimiciúil forbartha agus nuálaíochta teicneolaíochta a áirithiú, ar an taobh eile.

3.5. Dar le CESE, is gá gach beart is gá a dhéanamh i gcoinne maoiniú sceimhlitheoireachta agus oibríochtaí neamhdhleathacha eile nuair a dhéanfar íocaíochtaí eachtracha ([4]). I dtaca leis sin de, measann CESE go bhfuil scóip shuntasach ann le haghaidh comhar agus comhordú idirnáisiúnta a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh idir bainc cheannais agus institiúidí idirnáisiúnta airgeadaíochta-airgeadais agus eacnamaíocha ([5]).

3.6. Tá CESE ag tabhairt dá aire, agus na cineálacha éagsúla airgid atá ann á meas, gur cheart na feidhmeanna éagsúla atá aige a chur san áireamh, i.e. stór an luacha, aonaid cuntais agus an modh malartaithe. Ba cheart euro digiteach a úsáid mar mhodh íocaíochta go príomha agus níor cheart é a bheith ina ionstraim le haghaidh infheistíochtaí airgeadais. Ar an dóigh sin, is féidir iarmhairtí diúltacha don earnáil airgeadais a sheachaint.

3.7. Measann CESE, má táthar chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an bhfeidhm íocaíochta seo, go mbeidh sé tábhachtach go mbeidh líon leordhóthanach cistí ar fáil agus iad saor ó shrian ar bith. Tá CESE á chur in iúl freisin gur den tábhacht go nglacfaí le daoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha araon i gcaidreamh cómhalartach íocaíochta agus socraíochta. Bíodh sin mar atá, ní mór uirlisí a bheith i bhfeidhm chun nach n-úsáidfear an euro digiteach chun críoch infheistíochta ([6]).

3.8. Síleann CESE go mbeidh ar BCE dul i ngleic le dúshláin áirithe agus breithniú á dhéanamh aige ar euro digiteach a thabhairt isteach, go mór mór ó thaobh shlándáil na n-íocaíochtaí, a n-éifeachtúlachta, a gcuimsitheachta airgeadais, lena n-áirítear cobhsaíocht airgeadais agus tarchur beartais airgeadaíochta, etc. Trí phleananna chorparáidí na hearnála príobháidí airgeadraí digiteacha a thabhairt isteach, tá dlús á chur le tionscadail CBDC. Is den fhíorthábhacht go mbeadh BCE ag súil le tuilleadh iomaíochta ó airgeadraí digiteacha san earnáil phríobháideach ([7]).

3.9. Tá CESE á chur in iúl nach mór do BCE cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi leis na dálaí a leagan síos chun cliseadh margaidh a d'fhéadfadh tarlú a sheachaint. Thairis sin, beidh sé riachtanach a chinneadh freisin conas déileáil le bainc phríobháideacha, mar aon le hinstitiúidí airgeadais a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta intíre agus eachtracha. Dá bhrí sin, beidh ar BCE cinneadh a dhéanamh maidir leis an tsamhail CBDC a roghnófar ag an gcéim ullmhúcháin.

([3]) Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach:https://www.ecb.europa.eu/paym/digital_euro/investigation/governance/shared/files/ecb.degov220504_magdesignfeatures.en.pdf?2e15ee7911b93a720fbdebe09cfa1a79.

([4]) Tá tuilleadh eolais ar an ábhar seo sa tuairim ó CESE *Pacáiste reachtach maidir le frithsciúradh airgid* IO C 152, 6.4.2022, lch. 89.

([5]) Is iad na hinstitiúidí seo a leanas is mó atá rannpháirteach sa phróiseas chun airgeadra digiteach bainc ceannais a thabhairt isteach: an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, an Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, an Banc Domhanda agus institiúidí airgeadais agus eacnamaíocha eile, idir phoiblí agus phríobháideacha.

([6]) Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach: https://www.ecb.europa.eu/paym/digital_euro/investigation/governance/shared/files/ecb.degov220711_tools.en.pdf?fb2430528d8f964513dd66ffcd8cbaf7.

([7]) Is féidir le hairgeadraí digiteacha príobháideacha (criptea-airgeadraí) dul in iomaíocht le hairgeadraí digiteacha bainc cheannais. Ó bhí an ghéarchéim airgeadais dhomhanda ann, tá méadú nach mór tagtha ar airgeadraí príobháideacha digiteacha.

3.10. San am i láthair, is iad seo a leanas na samhlacha aitheanta d'airgeadraí digiteacha bainc cheannais: an tsamhail dhíreach, an tsamhail indíreach, an tsamhail idirmheánach agus an tsamhail hibrideach. Ina theannta sin, tá CESE á chur in iúl go mbeidh an idir-inoibritheacht idir na bainc cheannais ar na dúshláin is mó a bhaineann le ceann amháin de na samhlacha féideartha d'airgeadra digiteach BCE a chur in úsáid ([8]).

3.11. Is éard atá CESE ag súil leis go mbeadh córais íocaíochta trasteorann le haghaidh idirbhearta miondíola ina n-úsáidtear an euro digiteach tapa a ndóthain, ar chostas níos lú, níos trédhearcaí, níos sláine agus i bhfad níos inrochtana.

3.12. Tá CESE á chur i bhfios go láidir go bhfágfaidh idirnascadh na n-íocaíochtaí miondíola go mbeidh sé níos éasca idirbhearta aonair a dhéanamh faoi na samhlacha éagsúla arna nglacadh ag na bainc cheannais aonair agus an euro digiteach á thabhairt isteach. Dá fheabhas a bheidh an idir-inoibritheacht idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta, is amhlaidh is sásta a bheith úsáideoirí agus soláthraithe seirbhísí.

3.13. Measann CESE gur cineál nua airgid a bheidh sa euro digiteach. Tá dhá chineál airgeadra dhigitigh ag teacht ar an bhfód de thoradh na nuálaíochta teicneolaíche, eadhon (a) sócmhainní digiteacha bainc cheannais agus (b) sócmhainní digiteacha príobháideacha. Sa chás seo, ní hamháin gur gá an iomaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh, ní mór freisin an euro digiteach a aithint mar an dara hairgeadra cúltaca is tábhachtaí sa chaidreamh idirnáisiúnta airgeadaíochta.

4. **Moltaí sonracha**

4.1. Tá CESE á chur in iúl, má thugtar isteach euro digiteach, go n-áiritheoidh BCE, i gcomhar le bainc thráchtála, go leanfar d'airgead tirim a chur ar fáil agus gur féidir é a úsáid fós in oibríochtaí miondíola ([9]).

4.2. Tá CESE á chur in iúl gur cheart do BCE faireachán a dhéanamh ar na rioscaí uile a d'fhéadfadh a bheith ann. Beart tábhachtach amháin is ea "cripteamhona cobhsaí" má táthar chun cobhsaíocht an airgeadra a áirithiú sa bhlocshlabhra ([10]). Dá bhrí sin, beidh sé tábhachtach a shonrú cén chaoi a rachaidh BCE i ngleic leis an gcineál seo airgeadra dhigitigh — cripteamhona cobhsaí — rud a d'fhéadfaí a nascadh leis an euro digiteach freisin.

4.3. Tá CESE á chur i bhfáth go leanfaidh airgead tirim de bheith an-tábhachtach do chuimsitheacht airgeadra. Ní bhíonn rochtain i gcónaí ag codanna áirithe den tsochaí — go háirithe daoine níos sine agus daoine atá leochaileach ó thaobh airgeadais de — ar chuntais dhigiteacha ná ar chártaí creidmheasa. Is é airgead tirim an t-aon mhodh íocaíochta ar fáil dóibh siúd. Lena chois sin, is lú an cur isteach a dhéanann airgead tirim ar phríobháideachas na saoránach. I bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar líon na nótaí bainc sa gheilleagar, is léir go bhfuil muinín ag daoine as an gcineál seo airgid, mar gheall ar an ngéarchéim airgeadais, is dócha, agus ina diaidh.

4.4. Tugann CESE dá aire go bhfuil beagnach gach banc ceannais ar domhan a bhfuil straitéis glactha acu maidir le hairgeadra digiteach bainc ceannais a thabhairt isteach ag féachaint le foirm, córas, dearadh agus samhail a n-airgeadraí digiteacha amach anseo a bhunú agus a thástáil.

4.5. Feictear do CESE go bhfuil fadhb le sárú ag BCE i bpróiseas na nuálaíochta teicneolaíche ([11]), is é sin conas ba cheart leanúint le próiseas digitithe an euro atá ar siúl, conas naisc a áirithiú le hairgeadraí digiteacha na mbanc ceannais agus conas cuimsitheacht airgeadais, agus cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais a áirithiú san am céanna.

4.6. Measann CESE nach é atá beartaithe le tabhairt isteach an euro dhigitigh réiteach a fháil ar na saincheisteanna uile a bhaineann leis an réabhlóid theicneolaíoch atá ag teacht chun cinn. Táthar ag súil leis go dtiocfaidh laghdú suntasach ar íocaíochtaí in airgead tirim. Ina theannta sin, ní mór aghaidh a thabhairt ar shaincheist na ceannasachta airgeadaíochta, go háirithe trí thacú leis an bpróiseas digitithe a bhaineann le híocaíochtaí agus aistrithe eachtracha, agus is gá mar chuid de sin dul i ngleic le príomh-shaincheist an chuimsithe airgeadais. Is ceisteanna gan réiteach iad sin uile atá fós os comhair BCE sa lá atá inniu ann.

([8]) Agus samhlacha éagsúla de chórais íocaíochta trasteorann á nascadh le chéile, is den tábhacht é go mbeadh siad comhoiriúnach dá chéile.

([9]) Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach an tuairim ó CESE *Straitéis um Íocaíochtaí Miondíola don Aontas Eorpach*, (IO C 220, 9.6.2021, lch. 72).

([10]) Criptea-airgead ar phraghas seasta is ea cripteamhona cobhsaí a bhfuil a luach margaidh ceangailte le sócmhainní eile. Murab ionann agus criptea-airgid eile, amhail Bitcoin, is féidir cripteamhona cobhsaí a phionnáil le sócmhainní amhail cúlchistí áirithe nó airgeadraí inmhalartaithe is féidir a thrádáil ar mhalartáin, lena n-áirítear USD nó an euro.

([11]) Tá an fhorbairt theicneolaíoch sa réimse sin bunaithe ar dhílárú maoinithe, amhail na turgnaimh atá á ndéanamh ag na gnólachtaí móra teicneolaíochta, mar shampla. Tháinig ann do Diem/Libra agus e-CNY de thoradh próiseas teicneolaíochta réabhlóideach.

4.7. Tugann CESE dá aire nach ann do chur chuige a oireann do gach Ballstát maidir leis an euro digiteach óir tá difríochtaí ann ó thír go chéile. Dá bhrí sin, agus sinn ag aistriú chuig euro digiteach, ní mór tús áite a thabhairt do raon feidhme a úsáide i ngach tír. Cuirfear an euro digiteach ar fáil do shaoránaigh uile an limistéir euro, díreach mar a thairgtear airgead tirim do shaoránaigh uile an limistéir euro, gan beann ar a dtír. D'fhéadfadh sé go mbeadh éagsúlachtaí sa dóigh a n-úsáidtear é a ag brath ar nósanna agus noirm na dtíortha aonair.

4.8. Tuigeann CESE go mbeidh sé tábhachtach, agus iarracht á déanamh na gnéithe éagsúla a bhaineann le tabhairt isteach an euro dhigitigh a mhúnlú, aird ar leith a thabhairt ar choinníollacha príobháideachais agus ar thráthchlár sheoladh an mhargaidh. Beidh sé tábhachtach freisin an bonneagar reatha agus an ailtireacht theicniúil nua a úsáid chun slándáil na n-idirbheart íocaíochta agus na nósanna imeachta maidir le sainaithint custaiméirí a áirithiú.

4.9. Tá CESE den bharúil go mbeidh ardleibhéal cosanta príobháideachais ag gabháil leis an euro digiteach. Bíodh is nach bhfuil an tréimhse ama leagtha síos go baileach ina leith go fóill, is den bharrtháibhacht ullmhúcháin chúramacha a dhéanamh ag an gcéim seo. De bhreis air sin, tugann CESE dá aire go gcuirfidh BCE gach ceanglas AML/CFT san áireamh agus euro digiteach á eisiúint aige. Ní chiallaíonn sé sin, áfach, go ndéanfaidh BCE féin seiceálacha "bíodh aithne agat ar do chustaiméirí";

4.10. Tá CESE den bharúil go mbeidh an measúnú ar an gceannasacht náisiúnta, maille leis an tionchar ar an gcóras baincéireachta Eorpach, tábhachtach chomh maith. Siúd is nach ionann an córas íocaíochta ar fud na hEorpa faoi láthair, is buntáiste mór é go bhfuil teacht ag daoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha araon air. Go nuige seo, agus ó bhí an ghéarchéim airgeadais dhomhanda ann, córas sách éifeachtúil, cobhsaí agus slán atá ann.

4.11. Tá CESE ag iarraidh go dtabharfaí an tAontas Baincéireachta chun críche. Bheadh tairbhe le baint as fíor-Aontas Baincéireachta ó thaobh athléimneacht agus aonfhoirmeacht earnáil bhaincéireachta na hEorpa a neartú a thuilleadh. Ba ríthábhachtach agus ba thairbheach an méid sin freisin don euro digiteach atá beartaithe.

4.12. Tá CESE á chur in iúl go bhfuil dalaí fabhracha maidir le hidirbhearta íocaíochta ag bainc thráchtála i dtíortha an limistéir euro faoi láthair. Sa chomhthéacs sin, bheifí ag súil leis go gcomhoibreodh na bainc thráchtála agus institiúidí eile san earnáil airgeadais, lena n-áirítear institiúidí a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta, le BCE agus an euro digiteach á cheapadh agus á thabhairt isteach.

4.13. Agus CBDCanna á dtabhairt isteach agus á gcur chun feidhme i dtíortha an limistéir euro, ní mór na gnéithe seo a leanas a chur san áireamh, ar a laghad:

i) agus an euro digiteach á ghlacadh mar bhunmhodh íocaíochta, gur cheart fós an rogha a bheith ag an duine idirbhearta íocaíochta a dhéanamh in airgead tirim;

ii) gur gá an euro digiteach a bheith inúsáidte agus inrochtana laistigh den limistéar euro, agus, thar lear freisin, b'fhéidir;

iii) go bhfágfaidh próiseas an digitithe gur féidir an euro digiteach a úsáid in idirbhearta faoi choinníollacha nua nach raibh ann dóibh le haghaidh íocaíochtaí in airgead tirim.

4.14. Tá CESE ag dréim leis go bhfuil raon beart á ullmhú ag BCE atá dírithe ar euro digiteach a thabhairt isteach agus go bhfuil sé beartaithe aige iad a chur chun feidhme laistigh den tréimhse ama a leagadh síos. Ar a mhuin sin, tá sé á chur i bhfios go láidir aige gur gá a áirithiú go mbeidh dlúthchomhar ann maidir le hardleibhéal idirnasc idir na córais íocaíochta, ní hamháin laistigh de Bhallstáit an limistéir euro, ach freisin le bainc cheannais eile ar fud an domhain agus leis na hinstitiúidí airgeadaíochta-airgeadais ábhartha a chuirfidh an cúnamh teicniúil is gá ar fáil.

4.15. Má táthar chun euro digiteach a thabhairt isteach, ní mór coinníollacha substainteacha agus coinníollacha sistéamacha a chur i bhfeidhm chun go bhfeidhmeoidh sé mar is ceart. Ó tharla go mbeidh tionchar aige sin ar gach saoránach i mBallstáit an limistéir euro, lena n-áirítear Ballstáit an Aontais, is ríléir gur gá an tsochaí shibhialta, an lucht taighde agus an lucht acadúil a áireamh sna chéad chéimeanna eile den phlé maidir le euro digiteach a ghlacadh agus a thabhairt isteach.

An Bhruiséil, an 26 Deireadh Fómhair 2022

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG